



---

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe  
An Cathaoirleach*

---

20.11.2023

Monika Hohlmeier  
Cathaoirleach  
An Coiste um Rialú Buiséadach  
Spinelli 14E201  
An Bhruiséil

IPOL-COM-AGRI D (2022) 39270

Ábhar: Tuairim maidir le hurscaoileadh 2022: Buiséad ginearálta an Aontais - an Coimisiún (COM(2023)0391 – C9-0248/2023 – 2023/2129(DEC))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Iúil 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Ghlac Comhordaitheoirí an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe an litir an 11 Nollaig 2023, agus chinn siad a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi torthaí na Cúirte Iniúchóirí maidir leis an mbliain airgeadais 2022; á mheabhrú gurb ionann caiteachas ar Thalmhaíocht agus ar Fhorbairt Tuaithe agus 96,8% den chaiteachas ar ‘Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol’, arb ionann é agus 28,75 % de chaiteachas buiséid foriomlán AE;
2. á thabhairt dá haire agus is mór aige gur mhéadaigh ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais go 98,53% i gcomparáid le 2021 (89,40% in 2021) agus gurb é EUR 59.640,93 milliún an méid iomlán a gealladh; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh an méadú sin mar gheall ar ráta ard cur chun feidhme don ionstraim Next Generation EU i gcodarsnacht leis an ráta an-íseal cur chun feidhme in 2021 go príomha mar gheall ar moill leis na leasuithe ar na cláir CETFT a chur isteach; á thabhairt dá haire

go bhfuil méadú tugtha faoi deara freisin do ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí go 98,58% (97,84% in 2021) agus gurb é EUR 56,476.35 milliún an méid iomlán a íocadh;

3. á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil an leibhéal earráide measta d'acmhainní nádúrtha beagán os cionn na tairisí ábharthachta ó 1,8% in 2021 go 2,2% in 2022 agus go ndearna tromlach na n-earráidí cainníochtaithe a aimsíodh difear d'idirbhearta forbartha tuaithe (os cionn 65% na n-earráidí a aimsíodh); á chur i bhfáth nach raibh an leibhéal earráide ábharthach i gcás íocaíochtaí díreacha (66% an chaiteachais faoin gceannteideal seo de CAI) ach bhí sé fós ábharthach do réimsí caiteachais eile, lena n-áirítear forbairt tuaithe agus bearta margaidh;
4. á thabhairt dá haire go bhfuil cuid mhór den leibhéal earráide measta a aimsíodh bainte le faisnéis neamh-chruinn a bheith á soláthar maidir le limistéir talún nó ainmhithe (42%), agus tairbhíthe, gníomhaíochtaí, tionscadail nó caiteachas neamh-incháilithe ina dhiaidh sin (39%), agus níos faide síos, an neamh-urraim do thiomantas agra-chomhshaoil (13%);
5. á thabhairt chun suntais gur tháinig laghdú ar an leibhéal measta earráide faoi 0,9 pointe céatadáin mar gheall ar na bearta ceartaitheacha a chuir údaráis na mBallstát agus an Coimisiún i bhfeidhm; á chur in iúl gur saoth léi torthaí CIE go mbeadh an leibhéal measta earráide 1,3 pointe céatadáin níos ísle dá mba rud é gur bhain údaráis na mBallstát agus an Coimisiún úsáid cheart as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dóibh; á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le próisis mhaorlathacha a shimpliú, na tosca a shainithint as a n-eascraíonn mí-úsáid faisnéise ag údaráis na mBallstát agus ag an gCoimisiún, agus úsáid sonraí níos éifeachtúla a chur chun cinn chun an lamháil earráide a íoslaghdú;
6. ag tacú le moladh na Cúirte gur cheart don Choimisiún leanúint le faireachán a dhéanamh ar chaighdeán sonraí talmhaíochta agus ar a chruinne is a dhéanann na Ballstáit measúnú ar an limistéar incháilithe sa Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún ós rud é go mbeidh limistéar talmhaíochta mar bhunús do tháscairí feidhmíochta faoi CBT nua 2023-2027;
7. á chur in iúl gur saoth léi torthaí na Cúirte Iniúchóirí, ina tuarascáil speisialta ar choinbhleacht leasa i gcomhtháthú AE agus caiteachas talmhaíochta (06/2023), a léiríonn, cé gur rinne an Coimisiún agus na Ballstáit iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa, bhí bearnaí ann fós, go háirithe maidir le trédhearcacht a chur chun cinn, agus, sna Ballstáit, cásanna faoi riosca a bhrath, chomh maith le tuairisciú cuimsitheach; ag tacú le moladh na Cúirte don Choimisiún chun feabhas a chur ar a acmhainneacht coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a thuairisciú agus trédhearcacht a chur chun cinn;
8. á mheabhrú gurb iad an Coimisiún agus na Ballstáit araon atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar chalaíochas i gcaiteachas CBT; á mheabhrú gur cheart go leanfadh bearta frithchalaíochta de bheith ina bpríomhthosaíocht don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit mar cuireann an chalaíochas cosc ar acmhainní an Aontais na cuspóirí beartais a bhaint amach.

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste AGRI, ba mhaith liom a iarraidh ar an gcoiste CONT aird a chur ar a thabhairt ar an tuairim sin ina thuarascálacha ar an urscaoileadh atá beartaithe.

Is mise, le meas,

Norbert Lins

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA HEINTITIS NÓ DE NA DAOINE  
ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR**

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara don tuairim. Tá ionchur faighte ag an rapóirtéir ó na heintitis nó na daoine a leanas agus an dréacht tuairim á hullmhú, i bhfoirm litreach, go dtí go nglacfar leis i gcoiste:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>

*Tarraingíodh suas an tuairim seo i leith an nós imeachta rúndachta. Sa chomhthéacs sin, ní bhfaighidh an rapóirtéir don tuairim aon ionchur ó eintitis ná ó dhaoine de réir bhrí na hIarscríbhinne seo.*